# Preasráiteas

## Laghdú 38% sa líon comhad pleanála a bhí idir lámha ag deireadh na bliana 2024

### Foilsíonn an Coimisiún Pleanála an Tuarascáil Bhliantúil uaidh don bhliain 2024

***Rinneadh cinneadh ar 100% d'achomhairc lenar bhain Forbairtí Cónaithe Mórscála laistigh den tréimhse reachtúil 16 seachtaine sa bhliain 2024***

Déardaoin an 9 Deireadh Fómhair 2025.

Rinne an Coimisiún Pleanála, an comhlacht reachtúil neamhspleách náisiúnta ar a bhfuil freagracht as achomhairc phleanála agus as iarratais dhíreacha a chinneadh (ar a dtugtaí an Bord Pleanála roimhe seo), an tuarascáil bhliantúil uaidh don bhliain 2024 a fhoilsiú inniu. Léirítear sa tuarascáil go raibh laghdú suntasach ann sa líon comhad pleanála a bhí idir lámha ag deireadh na bliana, rud atá ina léiriú ar an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh ar fheidhmíocht sa Choimisiún agus a eascraíonn as baill foirne sa bhreis a earcú chuig poist thábhachtacha.

**Áirítear iad seo a leanas leis na Príomh-Bhuaicphointí Feidhmíochta don bhliain 2024:**

**Cásobair Pleanála**

Sa bhliain 2024, tháinig laghdú 12.8%, go 3,705 chás, ar an líon cásanna a ndearnadh cinneadh orthu (*2023: rinneadh cinneadh ar 3,284 chás*). Faoi dheireadh na bliana, bhí 1,576 chás pleanála oscailte idir lámha fós. B'ionann é sin agus laghdú 38% ar ualach cásanna na bliana 2023 (*2,564 chás oscailte*). Ba é 41.7 seachtain an meán-aga a tógadh chun cinneadh a dhéanamh ar gach cás pleanála sa bhliain 2024. B'ionann an líon iomlán cásanna (idir achomhairc agus iarratais dhíreacha) a taisceadh leis an gCoimisiún Pleanála sa bhliain 2024 agus 2,727 gcás. Ba laghdú 16.6% é sin i gcomparáid leis an líon a taisceadh leis sa bhliain 2023 (*3,272 chás*). Bhí an t-ualach cásanna sa bhliain 2023 níos airde ná an gnáthualach cásanna mar gheall ar níos mó ná 600 achomharc lenar bhain an Cháin Talún Cónaí-Chriosaithe (RZLT) a bheith faighte de bharr reachtaíocht nua a tugadh isteach. Sa bhliain 2024, fuaireamar 143 achomharc lenar bhain an Cháin Talún Cónaí-Chriosaithe, rud ba chúis dá réir le laghdú níos suntasaí inár n-iontógáil cásanna sa bhliain 2024.

**Forbairtí Cónaithe Mórscála (FCM)**

Fuarthas iarratais ar thart ar 71 Fhorbairt Chónaithe Mhórscála (FCM) sa bhliain 2024. Tugadh 79 gcinn san iomlán d'achomhairc FCM chun críche sa bhliain. Díobh sin, rinneadh cinneadh foirmiúil ar 58 gcinn, réitíodh 21 cheann go neamhfhoirmiúil, agus tarraingíodh 12 cheann siar. De na 58 gcinn d'achomhairc FCM a ndearnadh cinneadh foirmiúil orthu, rinneadh cinneadh ar gach ceann laistigh den tréimhse reachtúil 16 seachtaine, agus cinneadh déanta ar chásanna i níos lú ná 13 seachtaine ar an meán.

**Dúirt Peter Mullan, Príomhfheidhmeannach, an Coimisiún Pleanála:** *"Sa bhliain 2024, rinneamar an líon cásanna a bhí ag feitheamh ar chinneadh a laghdú go suntasach faoi 38%, rud a d'fhág gur fhill an líon comhad pleanála oscailte a bhí os comhair an Choimisiúin ar na gnáthleibhéil. Tá áthas orm a rá gur déileáladh le gach cás lenar bhain Forbairtí Cónaithe Mórscála laistigh den tréimhse reachtúil 16 seachtaine. Dá bharr sin, níl aon mhoill ann sa Choimisiún maidir le déileáil le hiarratais faoin scéim sin.*

*"Le linn na bliana, leanamar le cur chun feidhme a dhéanamh ar na moltaí agus na hathchóirithe a d'eascair as Athbhreithniú Oifig an Rialálaí Pleanála. Bunaíodh Aonad Comhlíonta agus Eitice nua, agus glacadh Cód Iompair athbhreithnithe. D'earcaíomar 40 ball foirne nua sa bhliain 2024, rud a d'fhág go raibh 290 ball foirne againn ag deireadh na bliana."*

**Dúirt Paul Reid, Cathaoirleach, an Coimisiún Pleanála:** *"Agus struchtúir rialachais nua agus fheabhsaithe leabaithe san eagraíocht, is é ár ndíriú ná leanúint ar aghaidh ag cur leis an bhfeidhmíocht láidir a taifeadadh sa bhliain 2024. Tá rún daingean againn na spriocanna agus na hamlínte atá leagtha síos le haghaidh cinnteoireachta faoinár reachtaíocht nua a chomhlíonadh, agus leanúint ar aghaidh ag cur feabhas ar ár seirbhís. Tosóimid ar ball beag ar sheirbhís nua achomharc digiteach a chur i bhfeidhm, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos fusa do dhaoine ar fud na tíre a n-aighneacht a thaisceadh agus a rianú agus teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún ina leith."*

### Forbairtí Tithíochta Straitéisí (FTS)

Réitíodh 27 gcás san iomlán lenar bhain Forbairtí Tithíochta Straitéisí (FTS), agus rinneadh cinneadh foirmiúil ar 22 chás eile sa bhliain 2024. Ag deireadh na bliana, bhí 44 iarratas FTS fós idir lámha. Baineann na cásanna sin le hiarratais a taisceadh leis an gCoimisiún Pleanála roimh an mbliain 2022 faoin gcóras pleanála a bhí i bhfeidhm roimhe seo. Cuireadh deireadh leis an scéim FTS sa bhliain 2021 agus cuireadh an scéim Forbairtí Cónaithe Mórscála (thuas) ina háit.

### Forbairt Bonneagair Straitéisigh (FBS)

Cuireadh 39 n-iarratas bonneagair straitéisigh faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála sa bhliain 2024, a bhain le cásanna ó údaráis áitiúla, ó fhorbróirí príobháideacha agus ó chomhlachtaí reachtúla. Is ionann iarratais FBS agus 30% de na cásanna a bhí os comhair an Choimisiúin. Chuir an Coimisiún 45 iarratas i gcrích sa bhliain freisin. Áiríodh leo sin:

- 20 forbairt phríobháideach bonneagair straitéisigh
- 22 fhorbairt bonneagair leictreachais
- 3 ordú iarnróid

### Athbhreithniú Breithiúnach

Bhí 147 iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach ann sa bhliain 2024. Ag deireadh na bliana, bhí thart ar 392 chás ghníomhacha fós idir lámha. Sa bhliain 2024 agus bunaithe ar an

gcomhairle dlí a fuair sé, ghlac an Coimisiún cur chuige aireach i leith athbhreithnithe breithiúnacha a chosaint, mar gheall ar bhreithiúnais dhiúltacha a tugadh tamaillín roimhe sin agus mar gheall ar na costais dlí a bhí ag gabháil leo sin. An toradh a bhí ar acmhainní breithiúnacha méadaithe a bheith ann agus ar bhainistíocht na liostaí ba ea gur tugadh nithe ar aghaidh chuig éisteacht, rud a d'fhág go ndearna an Coimisiún a mhachnamh ar na fiúntais a bhain le cásanna a chosaint.

Le breithiúnais chúirte sna blianta 2022 agus 2023, rinneadh cinneadh ar cheisteanna dlíthiúla a bhí ábhartha do chásanna beo eile, rud a d'fhág gur géilleadh na cásanna deireanacha sin mar gheall ar luach fasaigh an cháis chinnte.

**Athbhreithniú Breithiúnach – Príomhstaitisticí**

- Seirbheáladh 143 Iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach ar an mBord sa bhliain 2024
- Buadh 26 Chás
- Cailleadh 15 Chás
- Géilleadh 53 Chás
- Tarraingíodh 35 Chás Siar
- Tá 392 Chás Bheo idir lámha

**Pleanáil Limistéir Mhuirí:** Sa bhliain 2023, tháinig an Coimisiún chun bheith ar an údarás toilithe le haghaidh Iarratais ar Phleanáil Limistéir Mhuirí. Mar thoradh air sin, seoladh seacht gcomhairliúchán réamhiarratais sa bhliain 2024 ar dá mbarr a taisceadh ceithre iarratas ar Phleanáil Limistéir Mhuirí Feirme Gaoithe Amach ón gCósta faoi Chéim a hAon. I ndáil le ceithre cinn de na tionscadail forbartha a bhí beartaithe, eisíodh iarrataí chuig iarratasóirí inar lorgaíodh tuilleadh faisnéise.

**Bearta Gníomhacha Talún**

Sa bhliain 2024, rinne an Coimisiún Pleanála cinneadh foirmiúil laistigh den tréimhse reachtúil 16 seachtaine ar 143 iarratas lenar bhain an Cháin Talún Cónaí-Chriosaithe. Réitíodh iarratas amháin eile go neamhfhoirmiúil, agus ní raibh aon chásanna fágtha idir lámha fós ag deireadh na bliana. Chomh maith leis sin, chuir an Coimisiún 105 iarratas ar Fháil Éigeantach Láithreán Tréigthe i gcrích.

CRÍOCH //